C/2025/1290

13.3.2025

P9_TA(2024)0182

An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla - Náisiúnaigh Tríú Tír

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024 ar an togra le haghaidh rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/816 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRISTCN) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818 maidir le creat a bhunú le haghaidh idirinoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816, chun scagadh ar náisiúnaigh tríú tír a thabhairt isteach ag na teorainneacha seachtracha (COM(2021)0096 – C9-0088/2021 – 2021/0046(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2025/1290)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0096),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2), Airteagal 16(2), Airteagal 74, Airteagal 78(2), pointe (e), Airteagal 79(2), pointe (c), Airteagal 82(1), an dara fomhír, pointe (d), Airteagal 85(1), Airteagal 87(2), pointe (a) agus Airteagal 88(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0088/2021),

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla maidir leis an mbunús dlí atá beartaithe,

— ag féachaint d'Airteagal 294(3), Airteagal 78(2), pointe (e), Airteagal 79(2), pointe (c), Airteagal 82(1), an dara fomhír, pointe (d), agus Airteagal 87(2), pointe (a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 8 Feabhra 2024 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialacha 59 agus 40 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0148/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P9_TC1-COD(2021)0046

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 10 Aibreán 2024 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/816 agus (AE) 2019/818 chun scagadh ar náisiúnaigh tríú tír a thabhairt isteach ag na teorainneacha seachtracha

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2024/1352.)